



An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

Onnmhairí a Rialú

Tuarascáil Bhliantúil 2025

1 Eanáir 2025– 31 Nollaig 2025



Réamhrá an Aire

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil um Onnmhairí a Rialú don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2025. Léirítear sa Tuarascáil seo tiomantas na Roinne, faoin [Ráiteas Straitéise 2025-2028](#), tacú le honnmhaireoirí Éireannacha



atá ag feidhmiú ar fud an domhain chun a n-oibleagaidí comhlíonta faoi rialacháin náisiúnta agus AE maidir le rialú onnmhairí a chomhlíonadh. Leagtar béim sa Tuarascáil freisin ar thiomantas na Roinne oibriú i gcomhar le comhpháirtithe san AE agus go hidirnáisiúnta chun beartais, caighdeáin, rialacháin agus comhaontuithe atá ag teacht chun cinn agus a mbíonn tionchar acu ar thimpeallacht eacnamaíoch na hÉireann a mhúnlú.

Trí rialuithe láidre onnmhairí a chur i bhfeidhm, tá Éire fós tiomanta go daingean do thacú le trádáil oscailte, shaor agus fhreagrach laistigh den chóras iltaobhach idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, agus ag an am céanna á chinntiú nach ndéantar earraí ná teicneolaíochtaí íogaire a atreorú chuig úsáidí deiridh neamhúdaraíthe ná díobhálacha. Tá rialuithe onnmhairithe éifeachtúla riachtanach chun iomadú arm ollscriosta a chosc, chun tacú le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach, chun sceimhlitheoireacht a chosc agus chun cearta an duine a chosaint.

In 2025, chuir mo Roinn obair chun cinn chun feasacht a mhéadú i measc onnmhaireoirí Éireannacha ar na ceanglais náisiúnta agus AE maidir le rialú onnmhairí atá ag teacht chun cinn, agus rannpháirtíocht láidir á cothabháil aici ag leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun éifeachtacht ghealltanais na hÉireann maidir le rialú onnmhairí a uasmhéadú.

I dtimpeallacht gheopholaitiúil atá éiginnte agus luaineach, ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann le rialuithe onnmhairithe éifeachtacha. Soláthraíonn an creat rialaithe onnmhairí faoina bhfeidhmíonn Éire cinnteacht agus muinín do ghnólachtaí atá ag feidhmiú i margaí domhanda, rud a thugann deis d'Éirinn a bheith ina comhpháirtí trádála iontaofa agus freagrach fós.

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Peter Burke'.

Peter Burke, T.D.

An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

Clár ábhair

Réamhrá an Aire	iii
Réamhrá.....	1
Nuashonraithe Beartais agus Riaracháin 2025.....	2
Nuashonruithe Náisiúnta	2
Nuashonruithe AE	3
Sonraí Údaraithe Onnmhairithe 2025	5
Comparáid idir Údaruithe Onnmhairí a Eisíodh 2024–2025	6
Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide 2025.....	8
Údaruithe Onnmhairithe Míleata 2025.....	10
Iarratais ar Údaruithe Diúltaithe 2025	11
Iarratais Údaraithe a Mheas	12
Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	14
Iarscríbhinn I – Creat Domhanda do Rialuithe Onnmhairithe	16
Iarscríbhinn II – Catagóirí Dé-úsáide Liosta Iarscríbhinne I	17
Iarscríbhinn III – Catagóirí Míleata Liosta Comhchoiteann Míleata AE.....	18
Iarscríbhinn IV – Údaruithe Dé-Úsáide Aonair de réir Catagóire agus Ceann Scríbe.....	20
Iarscríbhinn V – Údaruithe Míleata Aonair de réir Catagóire agus Ceann Scríbe	33

Réamhrá

Faoi Roinn 4 den Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2023, tá ar an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur i láthair do gach Teach den Oireachtas maidir le feidhmiú an Achta le linn na bliana roimhe sin.

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar na gníomhaíochtaí rialaithe onnmhairí faoin Acht don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus tugtar mionsonraí inti ar na húdairithe a eisíodh, lena n-áirítear a líon, a luach, a gceann scríbe agus na catagóirí earraí lena mbaineann. Tarraingítear aird ar phríomhathruithe a rinneadh ar rialacháin agus ar reachtaíocht an AE agus Náisiúnta chun onnmhairí a rialú in imeacht na bliana.

Más mian leat féachaint ar thuarascálacha roimhe seo maidir le creat na hÉireann chun onnmhairí a rialú, tabhair cuairt ar an rannóg foilseachán ar [shuíomh gréasáin na Roinne](#).

Má theastaíonn aon fhaisnéis eile uait a bhaineann leis an tuarascáil seo nó le honnmhairí a rialú, seol ríomhphost chuig exportcontrol@enterprise.gov.ie.

Nuashonraithe Beartais agus Riaracháin 2025

I rith 2025, lean an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta den chreat reachtach nua faoin Acht chun Onnmhairí a Rialú, 2023, a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024, a dhaingniú.

Nuashonruithe Náisiúnta

Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta um Rialú Onnmhairí

Tá ainmniú na n-earraí míleata in Éirinn bunaithe ar “Liosta Comhchoiteann Míleata an AE”, ina leagtar amach na cineálacha earraí agus teicneolaíochtaí míleata atá faoi réir rialuithe onnmhairithe. Déantar leasú agus nuashonrú tréimhsiúil ar liosta an AE agus ionchorpraítear sa dlí náisiúnta é trí ionstraimí reachtúla. Tar éis nuashonrú a dhéanamh ar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE in 2025, rinneadh nuashonrú freisin ar [na Rialacháin chun Onnmhairí a Rialú \(Liosta rialaithe onnmhairithe míleata náisiúnta\) \(Leasú\) 2025 \(I.R. Uimh. 536/2025\)](#) agus tháinig siad i bhfeidhm an 11 Samhain 2025. Cúlghaireadh na Rialacháin chun Onnmhairí a Rialú (Liosta rialaithe onnmhairithe míleata náisiúnta) 2024 (I.R. Uimh. 416/2024).

Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal

Leis an Treoir maidir le hAistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal (Treoir 2009/43/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009), déantar na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal a shimpliú. Is é “Liosta Comhchoiteann Míleata an AE” an liosta táirgí a chumhdaítear le Treoir 2009/43/CEE. Mar a luadh thuas, de bharr gur nuashonraíodh Liosta Comhchoiteann Míleata an AE, rinneadh nuashonrú freisin ar an Treoir trí liosta leasaithe a chur ina hionad. Tháinig [Rialacháin na gComhphobal Eorpach \(Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal\) \(Leasú\) 2025 \(I.R. Uimh. 210/2025\)](#) i bhfeidhm an 26 Bealtaine 2025. Cúlghaireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal) (Leasú), 2024 (I.R. Uimh. 188 de 2024).

Seimineár Gréasáin Rialaithe Onnmhairí

In 2025, ghlac an Roinn páirt i rannpháirtíocht fhairsing le honnmhaireoirí agus le comhlachtaí ionadaíocha, agus chuir sí nuashonruithe ar fáil chun cabhrú leo a n-oibleagáidí comhlíonta a chomhlíonadh. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta teagmháil spriocdhírithe le tionscal, le comhlachtaí tionscail agus le hinstiúidí acadúla, lena n-áirítear an Seimineár Gréasáin Rialaithe Onnmhairí a chuir an Roinn ar fáil i Meán Fómhair 2025. D’fhreastail breis agus 200 rannpháirtí ar an seimineár gréasáin, inar tugadh forléargas ar chreat reatha na hÉireann, lena gcumhdaítear beartas, ceadúnú, comhlíonadh agus forfheidhmiú.

Ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, rinne an Roinn teagmháil ghníomhach leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile an AE chun cur le forbairt bheartas an AE maidir le rialú onnmhairí, agus le nuashonruithe ar larscríbhinn I den Rialachán Dé-Úsáide. D’oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun a chinntiú go

raibh ionadaíocht á déanamh ar sheasamh agus ar leasanna na hÉireann i bplé domhanda maidir le honnmhairí a rialú ag cruinnithe na gcóras iltaobhach maidir le honnmhairí a rialú.

Nuashonruithe AE

Tuarascáil Bhliantúil an AE ar Onnmhairí Dé-Úsáide

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a [chéad tuarascáil bhliantúil](#) ar chur chun feidhme Rialachán Dé-Úsáide an AE an 30 Eanáir 2025. Tugtar sa tuarascáil forléargas comhdhlúite ar chleachtais ceadúnaithe na mBallstát agus ar shonraí staidrimh maidir le húdaruithe onnmhairí agus diúltuithe. Clúdaítear inti go príomha sonraí don bhliain 2022, chomh maith le faisnéis níos teoranta don bhliain 2023 agus príomhfhorbairtí in 2024, agus cuirtear faisnéis inti ar fáil maidir le treochtaí i dtrádáil dé-úsáide, úsáid cineálacha éagsúla údaruithe, agus cur chun feidhme rialuithe onnmhairí ar fud an Aontais. Beidh teorainneacha i gcónaí ag baint le tacair sonraí maidir le rialú onnmhairí, agus leagtar béim sa tuarascáil seo ar chuid de na teorainneacha sin, lena n-áirítear difríochtaí i modheolaíochtaí náisiúnta bailithe sonraí, i gcleachtais tuairiscithe agus i leibhéil mhionsonraí i measc na mBallstát. Is féidir leis na teorainneacha sin go léir difear a dhéanamh do inchomparáideacht agus do chomhláine na staitisticí comhiomlánaithe. Cé go mbeidh teorainneacha ann i gcónaí mar gheall ar chur i bhfeidhm agus ar chur chuige náisiúnta i leith rialú onnmhairí, tá obair ar bun san AE chun tuairisciú a fheabhsú, go háirithe maidir le hagaí slánúcháin.

Nuashonruithe ar larscríbhinn I den Rialachán Dé-úsáide

Tá rialú onnmhairí earraí dé-úsáide san AE bunaithe ar chomhliosta earraí dé-úsáide nach mór a rialú i ngach Ballstát den AE. Leasaítear an liosta seo – larscríbhinn I de [Rialachán Dé-Úsáide an AE](#) – de ghnáth gach bliain trí Ghníomh Tarmligthe, bunaithe ar chinntí agus ar ghealltanais a dhéantar faoi chuimsiú na réimis idirnáisiúnta neamhleata agus na socruithe rialaithe onnmhairí. Tar éis tréimhse ina raibh cur isteach ar roinnt de na réimis iltaobhacha, comhaontaíodh próiseas a raibh mar thoradh air go ndearna an Coimisiún Eorpach Rialachán Tarmligthe a ghlacadh an 8 Meán Fómhair 2025 lena nuashonraíodh liosta rialaithe onnmhairí dé-úsáide an AE, agus tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an 15 Samhain 2025.

Nuashonrú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES

Rinneadh nuashonrú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta agus trealaimh mhíleata chun éifeachtacht an Chomhshocraithe a uasmhéadú i measc Ballstát an AE. Tugadh na nuashonruithe isteach chun comhar idir Ballstáit an AE maidir le rialacha a bhaineann le ceadúnú onnmhairí a threisiú a thuilleadh, chun critéir athbhreithnithe a leagan síos agus a chothabháil maidir le haistrithe teicneolaíochta agus trealaimh mhíleata a rialú, agus chun malartú faisnéise ábhartha maidir le cinn scríbe sonracha, fógraí diúltaithe, beartais onnmhairithe arm agus faireachán ar úsáid

deiridh a chur chun cinn. Ghlac an Chomhairle an nuashonrú do 2025 an 24 Feabhra 2025 agus foilsíodh é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 6 Márta 2025.

Fóram Rialaithe Onnmhairí an AE, an Bhruiséil

Tionóladh Fóram Rialaithe Onnmhairí an AE sa Bhruiséil an 14 Samhain 2025. D’eagraigh an Coimisiún Eorpach an fóram, agus thug sé deis do shaineolaithe ó Bhallstáit an AE, ó Pharlaimint na hEorpa, ón tionscal, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta páirt a ghlacadh leis an gCoimisiún chun na forbairtí is déanaí maidir le rialú onnmhairí san AE agus ar fud an domhain a athbhreithniú agus a phlé. Ba é Fóram 2025 an chéad fhóram a tionóladh le trí bliana anuas agus d’fhreastail breis agus 244 rannpháirtí air go pearsanta agus 1,300 rannpháirtí ar líne ó 34 tír.

Áiríodh ar na hábhair a pléadh le linn an fhóraithe athruithe ar an timpeallacht rialaithe onnmhairí agus armú rialuithe onnmhairí, agus meascán de cheannairí ón gCoimisiún, údaráis Ballstát an AE, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus saineolaithe ón tionscal/comhlíonadh i measc na gcainteoirí.

Sonraí Údaraithe Onnmhairithe 2025

Cuirtear sonraí maidir le húdaruithe do 2025 i láthair sa chuid seo, lena n-áirítear údaruithe dé-úsáide - agus údaruithe míleata. Mínítear ann freisin an cur chuige a glacadh maidir le cur i láthair na sonraí, lena n-áirítear breithnithe rúndachta agus aon tosca a dhéanann difear do inchomparáideacht le blianta roimhe seo.

Agus an tuarascáil seo á hullmhú, rinne an Roinn iarracht an trédhearcacht is mó is féidir a sholáthar maidir le gníomhaíocht cheadúnaithe. Ag an am céanna, tá oibleagáid uirthi rúndacht tráchtála agus slándáil na n-onnmhaireoirí a dhéanann iarratas ar údaruithe rialaithe onnmhairí, lena n-áirítear a bpearsanra agus a n-áiseanna, a chosaint. Déantar rialuithe onnmhairí a riar go cúramach agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, rud a léiríonn an chothromaíocht sin. Chun aon bhaol a bhaineann le honnmhaireoirí aonair a shainaithint a mhaolú, cuirtear sonraí i láthair i bhformáid chomhiomlánaithe.

Déanann an Roinn athbhreithniú leanúnach ar an gcaoi a ndéantar sonraí a thiomsú agus a chur i láthair, d'fhonn soiléireacht, inrochtaineacht agus cáilíocht fhoriomlán an tuairiscithe a fheabhsú. Chomh maith le tuairisciú tríd an Tuarascáil Bhliantúil, cuireann an Roinn faisnéis ar fáil maidir le hábhair rialaithe onnmhairí trí bhealaí trédhearcachta seanbhunaithe, lena n-áirítear iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, fiosrúcháin ó na meáin agus Ceisteanna Parlaiminte.

D'fhéadfadh figiúirí bliantúla athrú agus ba cheart iad a léirmhíniú sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh éagsúlachtaí i luach agus i méid na n-údaruithe teacht chun cinn de bharr réimse tosca, lena n-áirítear athruithe ar dhálaí an mhargaidh dhomhanda, athruithe leanúnacha sa gheopholaitíocht agus athruithe ar shlabhraí soláthair. Féadfaidh teacht isteach nó imeacht onnmhaireoirí in earnálacha sonracha tionchar suntasach a imirt ar na figiúirí foriomlána freisin.

D'fhéadfadh leasuithe ar liostaí rialaithe a chumhdaíonn earraí dé-úsáide- agus earraí míleata araon difear a dhéanamh do na sonraí freisin. D'fhéadfadh athruithe den sórt sin a bheith ina gcúis le hearraí nua a bheith faoi réir rialuithe nó le hearraí a bhí faoi réir rialuithe roimhe seo a bhaint astu, rud a imríonn tionchar ar ghníomhaíocht cheadúnaithe agus ar na staitisticí gaolmhara ó bhliain go bliain.

Nuashonrú maidir le tuairisciú ar chatagóirí agus ar chinn scríbe deiridh údaruithe dé-úsáide agus míleata do 2024

Sa Tuarascáil Bhliantúil um Onnmhairí a Rialú do 2024, bhí tionchar ag tabhairt isteach An Achta chun Onnmhairí a Rialú, 2023, a tháinig i bhfeidhm i mí Lúnasa 2024, agus ag cur chun feidhme córas nua TF ag an am céanna ar fhoilsiú mhiondealú tír ar thír na n-údaruithe onnmhairí. Tháinig deacrachtaí chun cinn maidir leis na sonraí riachtanacha faoi chinn scríbe deiridh na n-údaruithe a bhaint amach lena gcur san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil 2024. Réitíodh na saincheisteanna sin ó shin agus tá mionsonraí orthu le fáil in larscríbhinn IV (dé-úsáid) agus in larscríbhinn V (míleata) do 2024 agus 2025.

Comparáid idir Údaruithe Onnmhairí a Eisíodh 2024–2025

In 2025, deonaíodh 868 údarú onnmhairí dé-úsáide agus míleata san iomlán, ar luach comhcheangailte de thart ar €3.7 milliún.

Tábla 1. Comparáid idir Údaruithe Onnmhairí Dé-Úsáide agus Míleata

An Cineál Údaraithe	Líon		Luach	
	2024	2025	2024	2025
Dé-Úsáid Aonair	677	597	1,587.5m	1,653.4m
Dé-Úsáid Dhomhanda	46	64	1,302.6m	1,850.1m
Míleata Aonair	164	202	183.5m	225.3m
Aistriú Míleata Domhanda	0	3	0	0.2m (169k)
Bróicéireacht	4	2	0.35m	0.4m (384k)
IOMLÁN	891	868	3,083.25m	3,729.4m

Tábla 2. Diúltuithe Iarratas

Diúltú	Líon	
	2024	2025
Iarratas Dé-úsáide	5	4
Iarratas Míleata	0	0
IOMLÁN	5	4

Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide 2025

Bíonn údarú de dhíth chun míreanna dé-úsáide a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide - Aonair

Eisítear údaruithe dé-úsáide aonair i ndáil le hidirbheart onnmhairithe sonrach. Ceadaíonn gach údarú onnmhairiú míreanna sonracha chuig úsáideoir deiridh sonrach. Ní mór an t-idirbheart a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ó dháta eisiúna an údaraíthe.

In 2025, ceadaíodh 597 údarú dé-úsáide aonair, a raibh luach de thart ar €1.65 billiún luaite leo. Bhain an líon is mó údaruithe le Catagóir 5 (Teileachumarsáid agus Slándáil Faisnéise), agus b'ionann luach na n-údaruithe sin agus beagnach €1.38 billiún. Léiríonn an figiúr aonair maidir le hearraí dé-úsáide- an t-uasluach a údaraíodh faoin gceadúnas a eisíodh agus d'fhéadfadh nach mbeadh sé ag teacht le luach iarbhir na n-onnmhairí a cuireadh i gcrích.

Tábla 3. Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide - Aonair

Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide 2025 – Aonair			
Catagóir		Iomlán	Luach €
Catagóir 0	Ábhair, áiseanna agus trealamh núicléach	18	33,847,241
Catagóir 1	Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar	13	3,122,523
Catagóir 2	Próiseáil Ábhar	14	1,742,889
Catagóir 3	Leictreonaic	29	176,044,660
Catagóir 4	Ríomhairí	0	0
Catagóir 5	Teileachumarsáid agus slándáil faisnéise	509	1,347,982,897
Catagóir 6	Braiteoirí agus léasair	8	529,374
Catagóir 7	Loingseoireacht agus eitleonaice	11	5,038,353
Catagóir 8	Mara	0	0
Catagóir 9	Aerspáis agus Tiomáint	1	85,131,161
Uileghabhálach		1	2100
Iomlán		604*	1,653,441,198

* Is é 597 líon iomlán na n-údaruithe a eisíodh. Bhain 7 gceadúnas le dhá chatagóir, áfach, agus rinneadh iad a chomhaireamh uair amháin faoi gach catagóir.

Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Bróicéireacht

Is féidir údaruithe gníomhaíochtaí bróicéireachta (dé-úsáid) a eisiúint do chuideachtaí a dhéanann idirbheartaíocht le tíortha neamh-AE agus a shocraíonn idirbhearta idir na tíortha sin chun míreanna dé-úsáide a dhíol nó a cheannach. Níor eisíodh aon údarú do ghníomhaíochtaí bróicéireachta dé-úsáide in 2025.

Údaruithe Onnmhairithe Dé-úsáide – Domhanda

Údaraíonn údaruithe domhanda lastais éagsúla de raon sonraithe earraí agus teicneolaíocht ísealriosca ardtoirte chuig ceann scríbe amháin nó níos mó. Ní féidir údaruithe domhanda a cheadú d'onnmhairí chuig úsáideoirí deiridh míleata, chuig na póilíní nó chuig úsáideoirí deiridh slándála Stáit. Eisíodh 64 údarú onnmhairí dé-úsáide domhanda san iomlán in 2025. B'ionann luach na n-onnmhairí faoi na húdaruithe sin, de réir mar a thuairiscigh na honnmhaireoirí, agus €1.85 billiún.

Údaruithe Onnmhairithe Míleata 2025

Teastaíonn údarú d'onnmhairiú Míreanna Míleata lasmuigh den Stát.

Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aonair

Teastaíonn údaruithe chun aon mhír atá liostaithe sa Liosta Rialaithe Onnmhairithe Míleata Náisiúnta a onnmhairiú chuig aon cheann scríbe. Ceadáíonn gach údarú onnmhairsiú míreanna sonracha chuig úsáideoir deiridh sonracha.

In 2025, ceadáíodh 202 údarú onnmhairithe míleata aonair, a raibh luach de thart ar €225 milliún luaite leo. Bhain an luach is mó onnmhairí le ML5 a bhí bunaithe ar 54 údarú a raibh luach de bhreis is €117 milliún luaite leo.

Tábla 4. Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aonair

Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aonair		
Catagóir ML	Líon na nÚdaruithe	Luach na nOnnmhairí (Euro)
ML1	5	19,214
ML2	2	1,273,503
ML3	3	239,562
ML4	23	29,373,039
ML5	54	116,567,190
ML6	7	817,649
ML7	3	6,509
ML8	0	0
ML9	9	860,720
ML10	35	28,559,314
ML11	15	3,658,455
ML12	1	12,963
ML13	0	0
ML15	25	36,368,013
ML16	1	20,000
ML17	1	768,800
ML21	4	400,000
ML22	20	6,347,586
Iomlán	208*	225,292,517

* Is é 202 líon iomlán na n-údaruithe a eisíodh. Bhí níos mó ná catagóir amháin den ML sna 5 údarú a eisíodh.

Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Aistriú Domhanda

Éascaíonn údaruithe aistrithe domhanda aistriú táirgí cosanta idir cuideachtaí i mballstáit den AE. Eisítear faoi [Rialacháin na gComhphobal Eorpach \(Aistrithe Táirgí a Bhaineann le Cosaint Laistigh den Chomhphobal\) \(Leasú\) 2025 \(I.R. Uimh. 210/2025\)](#) iad, agus tá siad bailí ar feadh trí bliana. In 2025, d'eisigh an Roinn 3 cheadúnas Aistrithe Domhanda ar luach iomlán comhcheangailte €169,278.

Údaruithe Onnmhairithe Míleata – Bróicéireacht

Teastaíonn údaruithe bróicéireachta d'idirbheartaíocht nó chun socrú a dhéanamh maidir le haistriú míreanna atá liostaithe ar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE, is cuma má tá an t-aistriú le déanamh as Éirinn chuig tír lasmuigh den AE ('tríú tír'), ó bhallstát den AE eile chuig tríú tír, nó ó thríú tír amháin go dtí tríú tír eile. In 2025, eisíodh 2 údarú bróicéireachta míleata, a raibh luach de thart ar €383,646 luaite leo. Bhí na hidirbhearta faoi chatagóir ML6.

Údaruithe Onnmhairí Arm Tine Sibhialta 2025

Teastaíonn údarú d'onnmhairiú arm tine sibhialta ón Stát. Tá an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta freagrach as údaruithe a eisiúint maidir le honnmhairsiú arm tine sibhialta chuig tríú tíortha amháin. Tá an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce freagrach as onnmhairsiú arm tine sibhialta laistigh den AE agus as allmhairsiú.

Baineann na figiúirí a chuirtear i láthair anseo le húdaruithe a deonaíodh maidir le honnmhairsiú arm tine sibhialta chuig tríú tíortha amháin. Déantar onnmhairsiú arm tine míleata, más ann dóibh, a thaifeadadh faoi ML1 ar an liosta Míleata.

In 2025, ceadaíodh 11 údarú san iomlán, ar uasluach iomlán de €16,654. Ba iad raidhfíilí agus gunnaí gráin a bhí á n-onnmhairsiú chun críocha fiaigh nó gníomhaíochtaí spóirt, earraí do bhailitheoirí nó aistrithe úinéireachta ba mhó a bhí i gceist. Rinneadh na honnmhairsiú chuig Ceanada, an Afraic Theas, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Iarratais ar Údaruithe Diúltaithe 2025

In 2025, diúltaíodh do 4 iarratas ar údaruithe dé-úsáide aonair, ar luach iomlán de €2.96 milliún. Bhain siad sin le hearraí i gCatagóir 5. Ba iad Iosrael (2) agus an Afganastáin (2) na cinn scríbe.

Ní dhearnadh aon diúltú i gcás cineálacha eile ceadúnas.

Iarratais Údaraithe a Mheas


Díríonn an measúnú ar iarratais údaraithe onnmhairithe ar a chinntiú, a mhéid is féidir, go n-úsáidfídh an t-úsáideoir deiridh sonraithe an mhír atá á honnmhairiú don chuspóir beartaithe agus nach ndéanfar an mhír a atreorú ná a mhí-úsáid do ghníomhaíochtaí mídhleathacha, mar shampla, i ndáil le hairm ollscriosta nó sárú ar chearta an duine.

Déantar gach iarratas ar cheadúnais onnmhairí a mheas i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach sna Rialacháin ábhartha dé-úsáide agus míleata de chuid an AE agus sna Rialacháin náisiúnta, agus i gcomhréir le hoibleagáidí agus freagrachtaí idirnáisiúnta na hÉireann mar bhall de chórais neamhleata agus de shocruithe rialaithe onnmhairí. Déantar gach iarratas a mheas ina aonar, agus cuirtear cineál na n-earraí, an tír chinn scríbe, céannacht an úsáideora deiridh agus an úsáid deiridh atá beartaithe san áireamh. Treoraítear cinntí na hÉireann leis an Comhsheasamh an AE agus leis na hocht gcritéir atá aige. Os a choinne sin, déantar athbhreithniú cúramach ar iarratais i gcomhthéacs aon Bheart Srientach AE, cosúil le smachtbhannaí trádála nó lánchosc arm, a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i gcoinne na tíre cinn scríbe.

Téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun breathnuithe geopholaitiúla fíorama a fháil. Téann an Roinn i gcomhairle freisin le húdaráis cheadúnaithe onnmhairithe AE agus idirnáisiúnta eile de réir mar is gá. Déantar rioscaí a shainaithníonn an Roinn nó a dtarraingíonn comhpháirtithe aird orthu a mheas i gcoinne na mbeart dícheall cuí agus maolaithe riosca a chuir an t-onnmhaireoir i bhfeidhm.

Cuireann onnmhaireoirí iarratais isteach chun údarú onnmhairithe a fháil tríd an CÚO (Córas Údaraithe Onnmhairithe). Bíonn sonraí le fáil san iarratas sin maidir leis an onnmhaireoir, na hearraí atá á n-onnmhairiú, an t-úsáideoir deiridh, agus an úsáid deiridh atá beartaithe a bhaint as na hearraí.

Fíor 1. An próiseas iarratais ar Údarú



Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá foireann de chúigear Oifigeach Údaraithe san Aonad um Chomhlíonadh Trádála freagrach as comhlíonadh na reachtaíochta um rialú onnmhairí a áirithiú. Oibríonn an fhoireann go dlúth leis an nGarda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus údaráis Chustaim chun sáruithe féideartha a bhrath agus a imscrúdú.

Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin in 2025

In 2025, rinne Oifigigh Údaraithe 50 iniúchadh san iomlán, lena n-áirítear 28 n-iniúchadh ar an láthair agus 22 iniúchadh bunaithe ar dhoiciméid. Cé gur sainaithníodh roinnt saincheistean, réitíodh iad sin trí rannpháirtíocht le honnmhaireoirí agus níor ghá fógraí comhlíonta a eisiúint ná tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh faoin Acht.

I bhformhór na gcásanna, bhí na saincheistean a sainaithníodh de chineál riaracháin nó nós imeachta den chuid is mó, seachas a bheith ina léiriú ar neamhchomhlíonadh d'aon ghnó. I measc na dtorthaí choitianta bhí doiciméadacht neamhiomlán nó in easnamh, onnmhaireoirí nach raibh ullmhaithe go leordhóthanach don iniúchadh, agus bearnaí i dtaobh eolais nó tuisceana ar cheanglais rialaithe onnmhairí. I gcásanna áirithe, tugadh neamhréireachtaí faoi deara idir an fhaisnéis a soláthraíodh in iarratais ar údaruithe agus an fhaisnéis a cuireadh isteach i ndearbhuithe custaim.

Cultúr comhlíonta a chur chun cinn

Is ar an onnmhaireoir atá an fhreagracht as comhlíonadh an Achta chun Onnmhairí a Rialú, 2023, lena n-áirítear aicmiú ceart earraí agus na húdaruithe riachtanacha a fháil, a áirithiú. Tá an Roinn tiomanta d'fheasacht a chur chun cinn agus do chultúr láidir comhlíontachta a fhorbairt i measc onnmhaireoirí Éireannacha. Leagtar béim sna torthaí seo ó na hiniúchtaí a rinneadh in 2025 ar a thábhachtaí atá sé córais inmheánacha láidre comhlíontachta a choinneáil ar bun, a chinntiú go bhfuil an fhoireann oilte go cuí, agus taifid chruinne agus cothrom le dáta a choimeád. Léiríonn siad freisin an luach a bhaineann le rannpháirtíocht leanúnach idir an Roinn agus onnmhaireoirí chun tacú le comhlíonadh agus chun dea-chleachtas a chur chun cinn.

Tá cás-staidéar i bhFíor 2 lena léirítear dea-chleachtas ag fiontar beag nó meánmhéide maidir le comhlíonadh rialuithe onnmhairí an AE agus náisiúnta. Tá an Cás-Staidéar bunaithe ar iniúchadh a rinne Oifigigh Údaraithe ar chuideachta san earnáil chógaisíochta a úsáideann údaruithe onnmhairí dé-úsáide, agus leagtar béim ann ar na príomhbhearta a sainaithníodh mar bhearta éifeachtacha chun riosca a mhaolú agus comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú.

Dea-Chleachtas maidir le Comhlíonadh: FBM a dhéanann earraí dé-úsáide a onnmhairiú san Earnáil Chógaisíochta

Tiomantas don Chomhlíonadh

Léirigh an FBM tiomantas doiciméadaithe go foirmiúil agus curtha in iúl go soiléir do chomhlíonadh iomlán Rialachán (AE) 2021/821 agus cheanglais náisiúnta rialaithe onnmhairí. Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach go gníomhach leis an gcomhlíonadh trí na hacmhainní agus an fhoireann riachtanach a chur ar fáil, trí mhaoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe onnmhairí agus trí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht. Cinntíonn sé sin go ndéantar freagrachtaí maidir le rialuithe onnmhairí a leabú i ngnáthobair na bhfoirne dlí, teicniúla agus oibríochtúla.

Creat Ard-Oiliúna

Feidhmíonn an chuideachta clár oiliúna struchtúrtha atá curtha in oiriúint do róil éagsúla na foirne. Áirítear leis sin sainoiliúint don fhoireann rialaithe onnmhairí maidir le haicmiú, táscairí riosca agus nuashonruithe ar Liosta Dé-Úsáide an AE; oiliúint feasachta ghinearálta d'fhoirne innealtóireachta, forbartha bogearraí, bainistíochta tionscadail agus forbartha gnó; cleachtaí praiticiúla agus foghlaim bunaithe ar chásanna; agus oiliúint athnuachana éigeantach atá ailínithe le nuashonruithe rialála agus le hathruithe eagraíochtúla. Tacaíonn an creat seo le feasacht chomhsheasmhach ar chomhlíonadh ar fud na heagraíochta.

Scagadh Idirbheart agus Doiciméadacht maidir le Comhlíonadh

Tá scagadh idirbheart agus doiciméadacht chomhlíonta an FBM ailínithe leis na gnéithe atá molta ag an gCoimisiún Eorpach maidir le clár comhlíonta inmheánach. Áirítear leis sin struchtúr eagraíochtúil láidir ina bhfuil freagrachtaí soiléire, nósanna imeachta cuimsitheacha scríofa lena gcumhdaítear aicmiú, ceadúnú, seiceálacha ar úsáid deiridh agus aistrithe doláimhsithe teicneolaíochta, bealaí foirmiúla ardaíthe le haghaidh idirbheart neamhghnách nó ardriosca, agus iniúchtaí inmheánacha rialta agus athbhreithnithe bliantúla. Comhtháthaíonn an creat uirlisí de chuid an AE freisin, amhail Léarscáil Smachtbhannaí an AE agus treoir maidir le dícheall cuí.

Próisis Scagtha agus Dícheall Cuí

Cuireann an chuideachta cur chuige ilchéime i bhfeidhm chun custaiméirí, cinn scríbe agus earraí a mheas. Áirítear leis sin úsáideoirí deiridh a scagadh i gcoinne liostaí smachtbhannaí, measúnú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le cinn scríbe agus athonnmhairí, bratacha dearga féideartha a shainaithint, agus taifid shoiléire a choinneáil ar chinntí aicmithe, seiceálacha ceadúnaithe agus formheasanna. Tacaítear leis na próisis uile le sreafaí oibre soiléire agus cumarsáid idir foirne. Moladh ailíniú breise le treoir fheabhsaithe an AE maidir le dícheall cuí.

Rialuithe maidir le Coimeád Taifead agus Doiciméadacht

Cé go mbaineann na honnmhairí go príomha le haistrithe doláimhsithe teicneolaíochta, coinníonn an FBM caighdeáin dhiana doiciméadachta. Áirítear leo sin taifid leictreonacha shlána chun rianú, rialú leaganacha agus stádas rialaithe onnmhairí a bhainistiú, agus taifid fhoirmiúla á gcoimeád mar chomhlánú orthu chun críocha comhlíonta fadtéarmacha. Soláthraíonn na córais sin inrianaitheacht iomlán maidir le cinntí, measúnuithe agus cumarsáidí, rud a chuireann ar chumas comhlíonadh a léiriú go héifeachtach le linn iniúchtaí.

Feabhsú Leanúnach

Tar éis an iniúchta, léirigh an FBM cur chuige réamhghníomhach trí aghaidh a thabhairt ar mholtaí go pras. Áiríodh leis sin nósanna imeachta a nuashonrú, oiliúint na foirne a athnuachan agus doiciméadacht an chlár chomhlíonta inmheánaigh a neartú, rud a léiríonn cultúr láidir feabhsúcháin leanúnaigh.

Le chéile, cruthaíonn na gnéithe sin creat comhlíonta athléimneach, comhtháite go maith agus bainistiú atá fóna ó thaobh an dlí de ar oibleagáidí rialaithe onnmhairí earraí dé-úsáide.

Iarscríbhinn I – Creat Domhanda do Rialuithe Onnmhairithe

Tá roinnt córas iltaobhach neamhleata ag tacú leis an gcóras domhanda chun onnmhairiú míreanna dé-úsáide a rialú. Tá na córais sin bunaithe ar chomhaontuithe deonacha idir tíortha rannpháirteacha, a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil dhomhanda a fheabhsú trí iomadú earraí agus teicneolaíochtaí íogaire a chosc. Coimeádann gach córas liosta de mhíreanna rialaithe a nuashonraítear go rialta a mbaineann riosca iomadaithe leo. Coigeartaíonn saineolaithe teicniúla ó thíortha rannpháirteacha na liostaí sin chun léargas a thabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar athruithe sa timpeallacht gheopholaitiúil.

Tacaíonn an Roinn agus a hoifigigh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus í ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann i ngach ceann de na príomhchórais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí. Trí na creataí sin, comhaontaíonn tíortha rannpháirteacha allmhairiú, onnmhairiú agus iompar míreanna rialaithe sonracha a bhainistiú.

Tábla 5. Córais iltaobhacha neamhiomadaithe

Córas	Cur síos
Grúpa na hAstráile	The Australia Group Díríonn an grúpa seo ar iomadú arm bitheolaíoch agus ceimiceach a chosc trí rialuithe onnmhairí comhordaithe.
Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán	 Rialaíonn an córas seo onnmhairiú comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí diúracán a bhaineann le haerárthaí gan foireann (AGFanna).
Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach	 Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa seo scaipeadh arm núicléach a chosc trí onnmhairiú ábhar agus teicneolaíochtaí núicléacha a rialú.
Comhshocraíocht Wassenaar	 Bunaíonn an chomhshocraíocht seo treoirlínte chun onnmhairiú gnáth-arm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide a rialú.

Iarscríbhinn II – Catagóirí Dé-úsáide Liosta Iarscríbhinne I

Is éard atá i gceist le míreanna dé-úsáide táirgí agus comhpháirteanna lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht is féidir a úsáid chun críocha sibhialta agus míleata. Is féidir míreanna dé-úsáide a thrádáil go saor in AE, seachas roinnt míreanna íogaire a éilíonn údarú roimh ré (féach Iarscríbhinn IV de Rialachán 821/2021).

Freagraíonn na catagóirí Dé-Úsáide dá dtagraítear sa tuarascáil seo dóibh siúd atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Dé-Úsáide. Is Liosta Rialaithe ainmnithe alfa-uimhriúil í an ‘Uimhir Aicmithe chun Onnmhairí a Rialú’ nó UAOR chun míreanna a shainithint chun críocha rialaithe onnmhairí

Tábla 6 Uimhreacha UAOR Dé-Úsáide

Uimhir UAOR Dé-úsáide			
Sainaithníonn an chéad uimhir an phríomhchatagóir	Seasann an dara litir don chineál earraí/seirbhísí	Taispeánann an tríú uimhir an córas a úsáideadh chun na hearraí a aicmiú	
Catagóir 0 Ábhair, áiseanna agus trealamh núicléach	A Córais, trealamh agus comhpháirteanna	001-099	Comhshocraíocht Wassenaar (dé-úsáid)
Catagóir 1 Ábhair speisialta agus trealamh gaolmhar	B Tástáil, imscrúdú, trealamh táirgeachta	101-199	Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán (dé-úsáid)
Catagóir 2 Próiseáil ábhar	C Ábhair	201-299	Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach (dé-úsáid)
Catagóir 3 Leictreonaic	D Bogearraí	301-399	Grúpa na hAstráile
Catagóir 4 Ríomhairí	E Teicneolaíocht	401-499	Coinbhinsiún na nArm Ceimiceach
Catagóir 5 Teileachumarsáid agus slándáil faisnéise		901-999	Rialuithe náisiúnta
Catagóir 6 Braiteoirí agus léasair			
Catagóir 7 Loingseoireacht agus eitleonaice			
Catagóir 8 Mara			
Catagóir 9 Aeraspáis agus Tiomáint			

Iarscríbhinn III – Catagóirí Míleata Liosta Comhchoiteann Míleata AE

Áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an AE raon leathan trealamh, ó airm bheaga agus armlón agus ardchórais leictreonacha agus teicneolaíocht ag grád míleata agus tá sé roinnte ina 22 chatagóir trealamh, a bhfuil achoimre orthu thíos.

Tábla 7 Catagóirí Liosta Comhchoiteann Míleata an AE

Catagóirí Liosta Comhchoiteann Míleata an AE	
ML1	Airm thollta míne a bhfuil calabra níos lú ná 20 mm acu, airm eile agus airm uathoibríocha a bhfuil calabra 12.7 mm nó níos lú acu (calabra 0.50 orlach) agus gabhálais, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML2	Airm thollta míne a bhfuil calabra 20 mm nó níos mó acu, airm nó armáil eile a bhfuil calabra acu ar mó é ná 12,7 mm (calabra 0,50 orlach), teilgeoirí atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh úsáide míleata agus gabhálais mhíleata, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML3	Gléasanna lón lámhaigh agus fiúis, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML4	Buamaí, toirpéid, roicéid, diúracáin, gléasanna agus luchtanna pléascacha eile agus trealamh agus gabhálais ghaolmhara, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML5	Trealamh rialaithe dóiteáin, faireachais agus rabhaidh, agus córais ghaolmhara, trealamh tástála agus ailínithe agus frithbhearta, atá saindeartha le haghaidh úsáide míleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML6	Feithiclí talún agus comhpháirteanna.
ML7	Oibreáin cheimiceacha, ‘oibreáin bhitheolaíocha’, ‘gníomhairí rialaithe círeib’, ábhair radaighníomhacha, trealamh gaolmhar, comhpháirteanna agus ábhair.
ML8	‘Ábhair fuinnimh’ agus substaintí gaolmhara.
ML9	Soithí cogaidh (dromchla nó faoi uisce), trealamh speisialta cabhlaigh, gabhálais, comhpháirteanna agus soithí eile dromchla.
ML10	‘Aerárthaí, ‘feithiclí níos éadroime ná an t-aer’, ‘Aerfheithiclí Gan Fhoireann’ (‘UAV’), aer-innill agus trealamh ‘aerárthaí’, trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh úsáide míleata.
ML11	Trealamh leictreonach, “spásárthach” agus comhpháirteanna leictreonacha, nach sonraítear in aon áit eile ar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE.
ML12	Córais arm fuinneamh cinéiteach ardluais agus trealamh gaolmhar, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML13	Trealamh armúrtha nó cosanta, tógálacha, comhpháirteanna, agus gabhálais.
ML14	‘Trealamh speisialaithe le haghaidh oiliúna míleata’ nó chun cásanna míleata a ionsamhlú, insamhlóirí atá saindeartha le haghaidh oiliúna in úsáid aon airm tine nó airm atá sonraithe in ML1 nó ML2, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.

ML15	Trealamh íomháithe nó frithbhearta, atá saindeartha chun úsáide míleata, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML16	Gaibhneachta, teilgin agus táirgí neamhchríochnaithe eile atá saindeartha le haghaidh míreanna atá sonraithe ag ML1 go ML4, ML6, ML9, ML10, ML12 nó ML19.
ML17	Trealamh, ábhair agus ‘leabharlanna’ ilghnéitheacha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML18	‘Trealamh táirgeachta, áiseanna tástála comhshaoil agus comhpháirteanna.
ML19	Córais airm fuinnimh dhírithe (DEW), trealamh gaolmhar nó frithbheart agus samhlacha tástála, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML20	Trealamh criógineach agus “forsheoltach”, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.
ML21	“Bogearraí.”
ML22	“Teicneolaíocht.”

Iarscríbhinn IV – Údaruithe Dé-Úsáide Aonair de réir Catagóire agus Ceann Scríbe

2024		
Ceann Scríbe	Líon a Eisíodh	Luach €
Catagóir 0		
An Airgintín	2	658,307
An Bhanglaidéis	1	322,615
An Bhrasaíl	3	2,534,925
An tSín	15	291,358,009
Hong Cong	4	63,940,647
An Iaráin	1	0
Iosrael	1	364,241
An Chasacstáin	1	536
An Mhalaeisia	2	175,517
Mailí	1	2,271
Meicsiceo	1	137,061
Singeapór	3	24,045
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	7	156,174,400
An Téaváin (An tSín)	7	1,997,123
Iomlán Catagóir 0	49	517,689,697
Catagóir 1		
An Eiritré	1	346
An India	1	136,893
An Indinéis	1	72,630

An Iaráic	1	46,070
Cuáit	1	190,285
An Mhalaeisia	1	50,000
Mailí	1	3,225
Singeapór	1	100
An Úcráin	1	705,153
Na Stáit Aontaithe	4	20,049,038
Iomlán Catagóir 1	13	21,253,740
Catagóir 2		
An tSín	3	3,024,030
An Eiritré	1	1,336
Iosrael	2	14,695
An Chasacstáin	1	462
Mailí	1	1,275
Maracó	1	5,044
An Mhacadóin Thuaidh	1	32,940
Singeapór	1	697,360
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	1	2,059
Na Stáit Aontaithe	1	423
Iomlán Catagóir 2	13	3,779,624
Catagóir 3		
An Airgintín	1	91,492
An tSín	6	1,126,500

An India	5	60,102,188
An tSeapáin	1	21,463
An Mhalaeisia	3	22,271,864
Mailí	1	579
Na hOileáin Philipíneacha	4	28,707,752
Singeapór	1	30,000,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	1	5,156,088
An Téaváin (An tSín)	2	5,258,049
Iomlán Catagóir 3	25	152,735,975
Catagóir 5		
An Albáin	5	2,765,324
An Ailgéir	3	372,671
An Airgintín	1	554,460
An Airméin	1	77,000
An Asarbaiseáin	4	1,375,699
Bairéin	1	2,075,633
An Bhanglaidéis	2	571,302
An Bholaiiv	1	600,000
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	4	1,717,200
An Bhotsuáin	1	33,000
An Bhrasaíl	3	1,430,643
An tSile	2	1,155,900

An tSín	9	2,596,547
An Cholóim	1	238,745
An Phoblacht Dhoiminiceach	1	556,302
An Éigipt	10	520,065,971
Esuaitíní	2	22,963
An Aetóip	2	926,530
An tSeoirsia	5	1,811,463
Guatamala	1	75,662
Hondúras	1	306,404
Hong Cong	6	3,576,780
An India	26	29,590,896
An Indinéis	6	3,147,436
An Iaráic	4	599,000
Iosrael	24	63,889,884
An Iordáin	9	3,372,305
An Chasacstáin	2	1,112,604
An Chéinia	1	556,302
An Chosaiv	1	556,302
Cuáit	9	18,281,731
An Chirgeastáin	1	1,598,000
An Liobáin	1	7,750
An Líbia	8	3,543,899

An Mhalaeisia	2	10,000,765
Oileán Mhuirís	4	662,686
An Mholdóiv	3	510,020
Montainéagró	3	1,135,589
Maracó	12	2,792,390
Mósaimbíc	3	1,503,755
An Namaib	11	1,584,680
An Mhacadóin Thuaidh	3	15,850
Óman	7	2,936,686
An Phacastáin	4	€693,263
An Phalaistín	3	1,661,562
Panama	1	552,240
Peiriú	13	7,780,688
Catar	20	6,833,380
Ruanda	1	24,000
An Araib Shádach	21	19,648,557
An tSeirbia	2	238,691
Singeapór	5	11,043,447
An Afraic Theas	2	138,458
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	12	6,017,134
An tSúdáin	1	16,608
An Téaváin (An tSín)	7	5,051,904

An Tansáin	5	1,649,860
An Téalainn	2	1,097
An Túinéis	2	1,112,604
An Tuirc	3	703,733
An Tuircméanastáin	1	556,302
Uganda	2	455,800
An Úcráin	185	85,166,150
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	40	41,139,511
Uragua	1	549,702
An Úisbéiceastáin	4	1,066,530
Vítneam	7	3,181,441
Éimin	4	2,218,584
An tSaimbia	1	70,000
Iomlán Catagóir 5	555	887,875,975
Catagóir 6		
An Tansáin	1	121,696
An Tuircméanastáin	1	8,200
An Úcráin	2	2,750
Iomlán Catagóir 6	4	132,646
Catagóir 7		
An Bhrasáil	1	6,173
An Indinéis	1	36,176
An Phacastáin	1	24,680

An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	9	3,549,528
Iomlán Catagóir 7	12	3,616,557
Catagóir 8		
Mailí	1	1,310
An Chasacstáin	1	28
An Eiritré	2	51
Iomlán Catagóir 8	4	1,389
Catagóir 9		
An Téaváin (An tSín)	2	440,250
Uileghabhálach		
An tSín	1	10,500
Iomlán	678*	1,587,536,353

** Is é 677 líon iomlán na n-údaruithe a eisíodh in 2024. Bhí níos mó ná catagóir amháin ag údarú amháin.*

2025		
Ceann Scríbe	Líon a Eisíodh	Luach €
Catagóir 0		
An Bhrasaíl	3	2,762,864
An tSín	7	21,746,705
Hong Cong (An tSín)	1	240,266
Iosrael	1	118,807
Singeapór	1	15,967
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	1	4,090,631
An Téaváin (An tSín)	4	4,872,001
Iomlán Catagóir 0	18	33,847,241
Catagóir 1		
An Cholóim	1	187,564
An India	1	25,000
An Chasacstáin	1	261,420
Maracó	1	658,019
Singeapór	1	100
An Eilvéis	5	284,800
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	1	129,500
Na Stáit Aontaithe	1	1,560,758
an tSaimbia	1	15,362
Iomlán Catagóir 1	13	3,122,523

Catagóir 2		
An tSín	2	1,344,000
An Indinéis	1	6,000
Iosrael	2	7,618
Catar	1	2,435
An Araib Shádach	2	13,879
Singeapór	2	341,460
An Afraic Theas	1	564
An Tuirc	3	26,933
Iomlán Catagóir 2	14	1,742,889
Catagóir 3		
An tSín	7	741,500
An India	3	60,021,189
Iosrael	1	0
An Mhalaeisia	6	36,755,857
An Phacastáin	1	22,986
Na hOileáin Philipíneacha	5	38,141,730
An Araib Shádach	1	91,375
Singeapór	1	30,000,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	1	5,156,088
An Téaváin (An tSín)	1	5,070,464
An Tuirc	1	24,219
Na Stáit Aontaithe	1	19,252

Iomlán Catagóir 3	29	176,044,660
Catagóir 5		
an Afganastáin	4	8,387,070
An Albáin	1	2,438,484
Andóra	1	72
Angóla	1	3,012,829
An Airméin	1	23,000
An Astráil	1	2,302,324
An Asarbaiseáin	2	765,228
Bairéin	2	6,699,626
An Bhanglaidéis	4	6,427,075
An Bhoisnia & an Heirseagaivéin	4	895,685
An Bhotsuáin	1	8,000
Oileáin Cayman (An Ríocht Aontaithe)	1	12,210
An tSile	2	1,526,248
An tSín	20	1,360,120
An Cholóim	2	790,000
Cósta Rice	2	910,451
An Cósta Eabhair	1	9,368
Djibouti	1	18,882
Tíomór Thoir	1	1,151,628
An Éigipt	12	32,879,517

An Aetóip	2	10,876,953
An tSeoirsia	4	873,415
Hong Cong (An tSín)	3	92,105
An India	18	46,896,603
An Indinéis	1	395,000
An Iaráic	3	11,019,183
Oileán Mhanann	1	501
Iosrael	11	2,956,499
Geirsí	1	6,256
An Iordáin	4	4,065,374
An Chasacstáin	2	8,556,422
An Chéinia	3	853,095
An Chosaiv	2	379,090
Cuáit	7	7,482,490
An Liobáin	2	1,235,901
An Libia	3	9,126,026
An Mhalaeisia	4	55,405,730
Oileán Mhuirís	7	7,585,447
An Mholdóiv	1	1,813,791
Montainéagró	2	423,000
Maracó	12	11,819,399
Mósaimbíc	3	642,019

An Namaib	7	514,500
An Mhacadóin Thuaidh	5	3,790,937
Óman	12	17,214,569
An Phacastáin	6	2,015,082
Nua-Ghuine Phapua	1	162,000
Peiriú	2	2,049,568
Na hOileáin Philipíneacha	2	17,763
Catar	22	90,913,302
Ruanda	1	21,404
An Araib Shádach	16	350,012,401
Singeapór	6	10,503,042
An Afraic Theas	7	10,199,063
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	14	13,679,311
An Téaváin (An tSín)	6	14,325,523
An Túinéis	3	125,474
An Tuirc	4	199,945
An Tuircméanastáin	1	395,000
An Úcráin	169	296,725,090
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	45	124,158,009
An Úisbéiceastáin	1	370,228
Vítneam	17	158,134,090
an tSaimbia	1	306,000

An tSiombáib	1	28,480
Iomlán Catagóir 5	509	1,347,982,897
Catagóir 6		
An Téaváin (An tSín)	1	410,662
An Tuircméanastáin	1	17,764
An Úcráin	4	4,925
An Ríocht Aontaithe	1	21,290
an tSaimbia	1	74,733
Iomlán Catagóir 6	8	529,374
Catagóir 7		
An tSín	1	27,000
An Aetóip	2	2,369,913
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	8	2,641,440
Iomlán Catagóir 7	11	5,038,353
Catagóir 9		
An tSín	1	85,131,161
Uileghabhálach		
An Ríocht Aontaithe	1	2,100
Iomlán	604	€1,653,441,198

** Is é 597 líon iomlán na n-údaruithe a eisíodh in 2025. Bhí níos mó ná catagóir amháin san áireamh i roinnt údaruithe.*

Iarscríbhinn V – Údaruithe Míleata Aonair de réir Catagóire agus Ceann Scríbe

2024		
Ceann Scríbe	Líon a Eisíodh	Luach €
ML1		
An Astráil	1	150
Ceanada	1	400
An Íoslainn	1	1,600
An Nua Shéalainn	1	500
An Afraic Theas	3	10,500
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	4	39,500
Na Stáit Aontaithe	1	100
Iomlán ML1	12	52,750
ML3		
Na Stáit Aontaithe	1	4,100
ML4		
An Astráil	1	150
Tuaisceart Éireann	24	810,582
Na Stáit Aontaithe	2	16,000,000
Iomlán ML4	27	16,810,732
ML5		
An Astráil	6	2,112,041
An Ghearmáin	11	48,014,989
An Ungáir	1	482,346
An Iodáil	1	33,530
An Nua Shéalainn	2	214,285

An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	1	45,000
An tSualainn	2	965,770
An Eilvéis	4	1,713,479
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1	250,000
Na Stáit Aontaithe	21	48,240,467
Iomlán ML5	50	102,071,907
ML6		
An Ghearmáin	1	400,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	2	76,288
An Eilvéis	2	135,350
An Úcráin	1	288,789
Na Stáit Aontaithe	1	175,294
Iomlán ML6	7	1,075,721
ML7		
An Pholainn	3	483,263
ML8		
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1	5,580
ML9		
An Astráil	1	20,790
An Bheilg	1	47,635
An Eastóin	1	20,000
An Ghearmáin	1	600,000

An Ísiltír	1	4,642
An Iorua	2	19,437
Iomlán ML9	7	712,504
ML10		
An Ísiltír	1	168,852
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	3	463,595
Na Stáit Aontaithe	5	14,974,872
Iomlán ML10	9	15,607,319
ML11		
An Fhrainc	1	8,417
An Ghearmáin	2	73,952
An Iorua	2	19,437
Iomlán ML11	5	101,806
ML13		
Ceanada	2	19,964
Tuaisceart Éireann	1	0
Iomlán ML13	3	19,964
ML15		
Ceanada	3	8,910,116
An Ghearmáin	4	10,063,671
An Ísiltír	1	1,096,333
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	6	19,217,385

Iomlán ML15	14	39,287,505
ML16		
An Ghearmáin	1	20,000
ML17		
An Pholainn	2	15,196
ML21		
An Astráil	1	100,000
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1	100,000
Na Stáit Aontaithe	3	300,000
Iomlán ML21	5	500,000
ML22		
An Astráil	1	100,000
An Eastóin	1	500,000
An India	1	255,323
Singepór	1	50,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	3	693,266
An Eilvéis	2	200,000
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	4	252,321
Na Stáit Aontaithe	5	4,644,688
Iomlán ML22	18	6,695,598
Iomlán	165*	183,463,945

**Is é 164 líon iomlán iarbhír na n-údaruithe aonair – bhí dhá chód ML in aon údarú amháin.*

2025		
Ceann Scríbe	Líon a Eisíodh	Luach €
ML1		
An Bheilg	1	3,000
An Ghearmáin	1	10,300
An Nua-Chaladóin	1	3,540
An Eilvéis	2	2,374
Iomlán ML1	5	19,214
ML2		
An Eilvéis	2	1,273,503
ML3		
An Eilvéis	3	239,562
ML4		
An Astráil	1	150
Tuaisceart Éireann	14	562,560
An Pholainn	1	5,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	3	682,820
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	2	122,509
Na Stáit Aontaithe	2	28,000,000
Iomlán ML4	23	29,373,039
ML5		
An Astráil	2	1,300,000
An Ghearmáin	21	70,562,219
An Iodáil	7	801,896
An Nua Shéalainn	1	128,700

An Iorua	1	375,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	2	241,986
An Eilvéis	1	400,000
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	1	685,291
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1	1,350,000
Na Stáit Aontaithe	17	40,722,098
Iomlán ML5	54	116,567,190
ML6		
An Ghearmáin	1	400,000
Lucsamburg	1	79,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	1	5,000
An Úcráin	4	333,649
Iomlán ML6	7	817,649
ML7		
Na hOileáin Philipíneacha	1	2,616
An Pholainn	1	1,277
An Rómáin	1	2,616
Iomlán ML7	3	6,509
ML9		
An Astráil	1	42,590
An Ghearmáin	1	600,000
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	7	218,130
Iomlán ML9	9	860,720

ML10		
An Astráil	4	681,773
An Ísiltír	23	2,958,453
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	3	11,010,145
Na Stáit Aontaithe	5	13,908,943
Iomlán ML10	35	28,559,314
ML11		
An Danmhairg	1	20,735
An Ghearmáin	3	36,170
An Ísiltír	7	3,379,260
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	3	195,628
Na Stáit Aontaithe	1	26,662
Iomlán ML11	15	3,658,455
ML12		
Na Stáit Aontaithe	1	12,963
ML15		
An Astráil	3	14,385,078
Ceanada	1	81,398
An Ghréig	1	6,800
An Ísiltír	14	19,434,636
An Iorua	1	4,940
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	4	2,448,186

Na Stáit Aontaithe	1	6,975
Iomlán ML15	25	36,368,013
ML16		
An Ghearmáin	1	20,000
ML17		
An Úcráin	1	768,800
ML21		
An Astráil	1	100,000
Na Stáit Aontaithe	3	300,000
Iomlán ML21	4	400,000
ML22		
An Astráil	1	100,000
An Ísiltír	4	1,002,632
Singeapór	1	100,000
An Chóiré Theas/Poblacht na Cóiré	4	200,000
An Eilvéis	1	100,000
An Ríocht Aontaithe (Gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	4	200,266
Na Stáit Aontaithe	5	4,644,688
Iomlán ML22	20	6,347,586
Iomlán	208*	225,292,517

**Is é 202 líon iomlán iarbhír na n-údaruithe aonair – bhí níos mó ná cód ML amháin i 5 údarú.*

